



# Aistriúchán Closamhairc

(Teastas Iarchéime)



**Is comhpháirtíocht é an clár seo idir Ollscoil na Gaillimhe agus Táirgí Media Idirnáisiúnta (TMI) – ceann de na gnólachtaí fotheidealúcháin/aistriúcháin closamhairc is bisiúla in Éirinn trí chéile. Is é aidhm an chlár oiliúint i ngnéithe den aistriúchán don scáileán – ar a n-áirítear fotheidealúchán idirtheangach, fotheidealúchán inteangach, fotheidealúchán beo, aistriúchán scrípteanna don teilifís, tráchtairacht fuaimne, seirbhísí rochtana do chomhdhálacha – a chur ar rannpháirtithe.**

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine ar spéis leo teangacha go ginearálta, an t-aistriúchán agus rochtain fhairsing a bheith ag an bpobal trí chéile ar sheirbhísí teilifíse agus ilmheán. Bainfidh daoine ar mhaith leo oibriú go gairmiúil i réimse an aistriúcháin closamhairc, go háirithe, tairbhe as an gclár seo. Is í an Ghaeilge teanga theagaisc an chlár, agus is ar phríomhchampas na hOllscoile i gCathair na Gaillimhe a réachtálfar é.

**Riachtanais iontrála:** Bunchéim 2:2 (leibhéal 8), nó 2:2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar. Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu ach a bhfuil cúig bliana de thairbhe ghairmiúil acu iarratas a dhéanamh faoin goóras don Aitheantas don Réamhfhoghlaim.

**Tuilleadh eolais le fáil ag:**


[http://acadamh.ie/acadamh/cursai/cursai\\_iarcheime/teastas\\_iarcheime\\_leann\\_aistriuchain/](http://acadamh.ie/acadamh/cursai/cursai_iarcheime/teastas_iarcheime_leann_aistriuchain/)

**An clár:** Teastas Iarchéime

**Fad ama:** Aon bhliain amháin

**Cód an chúrsa:** 1TAC1, 1TAC2, 1TAC3

**Táille:** €2,006



## Deiseanna gairme

Agus méadú ag teacht ar na dualgais atá ar eagraíochtaí craolacháin i dtaca leis an introchtaineacht, tá gá le tuilleadh daoine a bhfuil a bhfuil scileanna maithe acu sna gnéithe éagsúla den aistriúchán ciosamhairc. Beidh poist le fáil i stáisiúin chraolacháin, i ngnólachtaí fotheidealúcháin/ aistriúcháin ciosamhairc. Baineann deiseanna maithe cianoibre leis an réimse seo freisin.

## Cúiseanna chun tabhairt faoin gcúrsa

1. Is é seo an chéad chailíocht atá le fáil in Éirinn san aistriúchán ciosamhairc, agus béim faoi leith ar an bhfotheidealúchán.
2. Is réimse é an t-aistriúchán ciosamhairc atá faoi bhorradh ar ardáin éagsúla agus béim níos mó á leagan ar an bhfotheidealúchán chun críche tuisceana agus reacaireachta.
3. Gné mhór den chúrsa is ea oiliúint phraiticiúil le TMI – ceann de phríomhghnólachtaí an tionscail in Éirinn – agus úsáid á baint san oiliúint sin as na bogearraí agus na huirlisí a úsáidtear sa tionscal féin.

Eolas faoi chúrsaí ag

[www.ollscoilnagailimhe.ie/acadamh](http://www.ollscoilnagailimhe.ie/acadamh)



Tuilleadh eolais:

Séamus Ó Coileáin

r: [leannteanga@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:leannteanga@ollscoilnagailimhe.ie)

r: [s.ocoileain@ollscoilnagailimhe.ie](mailto:s.ocoileain@ollscoilnagailimhe.ie)